An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Maoilbhríde
Baile Átha Cliath 1

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Department of Education and Skills
Marlborough Street
Dublin 1

Copy

[redacted]

6 Feabhra, 2017

Maidir le: Iarraidh Saorála Faisnéise 2016/467

[redacted] a chara,

Déanaim tagairt d'achomharc a rinne tú faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 dar dháta 17 Eanáir 2017 agus a fuarthas ar an 18 Eanáir 2017, ina bhfuil athbhreithniú á lorg agat ar chinneadh a rinne an comhlacht seo níos luaithe, dar dháta 23 Nollaig 2016.

I dtús báire ba mhaith liom tagairt a dhéanamh leis, do do litir achomhairc i ndáil le hIarraidh Saorála Faisnéise roimhe sin a rinne tú chuig an Roinn seo ina raibh rochtain á lorg agat ar dhialann an Ard-Rúnaí. Tá cóip ceangailte agam de na doiciméid ábhartha a scaoil an tUas. Tom Heneghan chugat ar an 31 Deireadh Fómhair 2016. Ba eisean an cinnteoir ar sannadh an iarraidh seo dó (Tag.: FOI/2016/283 a thagraíonn).

Déanaim tagairt anois don achomharc a rinne tú faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014 agus an litir admhála dar dháta 23 Eanáir 2017.

Is ball foirne níos sinsearaí mé in Aonad Seirbhísí Corparáideacha na Roinne ná an cinnteoir a d'oibrigh ar an gcás ar dtús. Is cinneadh nua agus cinneadh ar leith amach is amach é an t-athbhreithniú seo ar d'iarraidh agus mínítear dá réir é anseo thíos.

I bhfianaise an mhéid faisnéise pearsanta atá sna taifid mheas mé gurb é **Alt 37(1)** agus **Alt 37(5)** den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 an díolúine is oiriúnaí le breathnú i ndáil leis na taifid uile den athbhreithniú seo.

Alt 37(1)

Forálann Alt 37(1) den Acht go ndiúltóidh comhlacht Saorála Faisnéise géilleadh d'iarraidh más rud é go nochtfaí faisnéis phearsanta a bhaineann le duine aonair eile seachas an t-iarrthóir dá dtabharfaí rochtain ar an taifead áirithe. San Acht um Shaoráil Faisnéise sainmhínítear 'faisnéis phearsanta" mar fhaisnéis faoi dhuine aonair insainaitheanta nach mbeadh, i ngnáthchúrsaí, ar eolas ag duine ar bith ach amháin ag an duine nó a mhuintir nó a chairde, nó faisnéis faoin duine aonair atá á coinneáil ag comhlacht poiblí ar chuntar go gcaithfí léi mar rún.

Tar éis dom na taifid a bhreathnú sa chás seo is deimhin liom go bhfuil faisnéis sna taifid ar faisnéis phearsanta í faoi dhaoine eile amháin agus dá bhrí sin bainim de thátal as, faoi réir na bhforálacha d'alt 37(1) atá breathnaithe agam, go bhfuil na taifid díolmhaithe ó scaoileadh ar bhonn ailt 37(1) den Acht um Shaoráil Faisnéise

Alt 37(5) - Leas an Phobail

Forálann alt 37(5) den Acht um Shaoráil Faisnéise go ngéillfí d'iarraidh a ndiúltófaí géilleadh di faoi alt 37(1) murach an t-alt seo, ar na hábhair seo a leanas:

(a) gur tábhachtaí, tríd is tríd, leas an phobail go ngéillfí don iarraidh ná leas an phobail go gcosnófaí ceart na pearsan aonair lena mbaineann an fhaisnéis chun príobháideachta, nó

(b) go rachadh sé chun tairbhe don phearsa aonair réamhráite, tríd is tríd, dá ngéillfí don iarraidh.

Is deimhin liom leis, nach bhfuil feidhm ag scaoileadh na faisnéise faoi ailt 37(5) (a) & (b) ach an oiread.

an fhógra seo, de ghnáth. Más mian leat an 't-iarratas ar athbhreithniú' sin a dhéanamh i scríbhinn, bain úsáid as na sonraí thíos, le do thoil:

Oifig an Choimisinéara Faisnéise
18 Sráid Líosáin Íochtair,
Baile Átha Cliath 2,
D02 HE97

De mhalairt air seo is féidir leat achomharc a dhéanamh trí fhoirm iarratais ar-líne de chuid Oifig an Choimisinéara Faisnéise a úsáid. Tá sí ar fáil ag:

https://www.oic.gov.ie/ga/Athbhreithniú-a-Dhéanamh/Déan-Iarratas-ar-Athbhreithniú-ar-l%C3%ADne/

Má dhéanann tú achomharc agus má ghlactar leis déanfaidh an Coimisinéir Faisnéise imscrúdú iomlán ar an scéal agus breathnóidh sé/sí é agus eiseofar cinneadh úr.

Déanfar mionsonraí iarrataí neamhphearsanta ar Shaoráil Faisnéise a thaifeadadh ar thaifead um nochtadh a fhoilseofar ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna in am trátha.

Is mise, le meas,

Ronnie Ryan

Ronnie Ryan
Seirbhísí Corparáideacha